# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidear Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

## Scéim Mharcála agus Réitigh Molta

# ROINN A

**Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist**

**(80 marc)**

---

**1.** Úsáidtear na ceannlitreacha seo a leanas sa Bhaincéireacht. Cad dó a seasann siad?

| | |
|---|---|
| **UMB** | Uathmheaisín Bainc |
| **CT** | Aistriú Creidmheasa |
| **DD** | Dochar Díreach |

**2.** Ainmnigh comhlacht Stáit **amháin** a bhfuil baint aige le **gach ceann** de na gníomhartha seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **CUMARSÁID** | RTÉ, An Post |
| **IOMPAR** | Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, CIE, DART |
| **TÁIRGEADH** | Bord na Mona, ESB, Bord Gais, Coillte |

**3.** Líon isteach na **trí** bhosca bhána uimhrithe **(i)** go **(iii)** chun an sliocht as an gClár Comhardaithe thíos a chomhlánú:

| **Sliocht as Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31-12-2015** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| | € | € | € |
| Innealra | 165,000 | **(i)** **33,000** | 132,000 |
| Foirgnimh | 900,000 | **(ii)** **54,000** | 846,000 |
| | 1,065,000 | **(iii)** **87,000** | 978,000 |

**4.**

| **Freagra** |
|---|
| 26 uair |

| Obair |
|---|
| Meánstoc = $\frac{32{,}000 + 16{,}000}{2}$ = 24,000 |
| $\frac{\text{Costas Díolachán}}{\text{Meánstoc}} = \frac{624{,}000}{24{,}000}$ = 26 |

**5.** Ainmnigh **dhá** cheannteideal i bPlean Gnó.

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Sonraí an Phríomhphearsanra | (v) | Plean Táirgthe |
| (ii) | Plean Airgeadais | (vi) | Sócmhainní Seasta |
| (iii) | Plean Margaíochta | (vii) | Úinéireacht/Struchtúr bainistíochta |
| (iv) | Sonraí an Ghnólachta | | |

**6.**

**(i) Cuntas S. Mac Cárthaigh**

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| 2016 Meith 1 | **(ii) Díolacháin** | 2,600 | | | |

**(iii) Cuntas Díolachán**

Dr Sr

| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | 2016 Meith 1 | **(iv) S. Mac Cárthaigh (Féichiúnaí)** | 2,600 |

**7.**

| Dr | **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 2016 | | | 2016 | | |
| Bealt 31 | Banc/Airgead | 5,500 | Bealt 1 | Iarmhéid t/s | 6,100 |
| Bealt 31 | Iarmhéid | 6,500 | Bealt 31 | Ceannacháin | 5,900 |
| | | 12,000 | | | 12,000 |
| | | | Meith 1 | Iarmhéid t/s | 6,500 |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| 2016 | | | | |
| Bealt 1 | Iarmhéid | | | 6,100 |
| Bealt 31 | Ceannacháin | | 5,900 | 12,000 |
| Bealt 31 | Banc/Airgead | 5,500 | | 6,500 |

**8.** Mínigh modh **amháin** chun drochfhiacha a laghdú i bhfiontar:

| | |
|---|---|
| 1. | Lascainí a thairiscint ar íocaíocht phras. |
| 2. | Creidiúnacht na gcustaiméirí a sheiceáil. |
| 3. | Déileáil in airgead amháin/díolacháin chreidmheasa a laghdú. |
| 4. | Sonraisc agus ráitis a sheoladh amach go pras mar mheabhrúchán do chustaiméirí. |

**9.** Cuir tic (✓) sna colúin chuí chun a thaispeáint cén áit sna cuntais chríochnaitheacha ba cheart na míreanna seo a leanas a iontráil ar an 31/12/2015:

| | **Cuntas Trádála** | **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|---|
| Fógraíocht | | ✓ | |
| Stoc (31/12/2015) | ✓ | | ✓ |
| Scairchaipiteal Eisithe | | | ✓ |

**10.** Mínigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar Stíobhard Ceardlainne in aon eagraíocht:

- Chun síntiúis a bhailiú ó bhaill.
- Chun baill nua a earcú dá gceardchumann.
- Chun baill a ionadú agus iad ag déileáil leis an mbainistíocht.
- Chun cruinnithe ceardchumainn a eagrú san ionad oibre/chun faisnéis a fuarthas ó cheanncheathrú a scaipeadh.
- Chun eolas a thabhairt do bhaill maidir lena gcearta mar fhostaithe.

**11.**

| **Taylor Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| 01/01/2016 | Ró-tharraingt Bhainc | $LA_1$ | | 6,600 |
| | Foirgnimh | $MLG_1$ | 211,100 | |
| | Féichiúnaithe | $MLF_1$ | 44,800 | |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | 249,300 |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Taylor Teo. ar an dáta seo.* | | 255,900 | 255,900 |

**12.** Mínigh an téarma **Saincheadúnas** mar a bhaineann sé le cúrsaí miondíola:

**Tugann úinéir bunaidh an ghnólachta cead d'fhiontraithe eile earraí nó seirbhísí a dhíol i limistéar ar leith. Íoctar táille leis an ngnólacht bunaidh/ag díol earraí/seirbhísí faoi cheadúnas chun táille nó céatadán na ndíolachán a fháil.**

Tabhair sampla **amháin** de shaincheadúnas aithnidiúil:

**Supermacs**, **McDonalds**, **Body Shop**, **Costa Coffee**.

**13.**

| **Freagra**: |
|---|
| **€758.93** |

| Obair: |
|---|
| $\frac{850}{\mathbf{1.12}} = 758.93$ |

**14.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a n-ullmhaíonn feirmeoirí cuntais:

- Chun a fháil amach an ndearna a bhfeirm/a bhfiontar brabús/caillteanas.
- Chun cur le foirm iarratais ar iasacht/deontas/leas sóisialach/fóirdheontais.
- Chun luach na feirme a fháil amach.
- Chun dliteanas cánach a mheas.
- Chun cuidiú le cinnteoireacht, pleanáil airgeadais agus cuspóirí buiséadaithe/comparáide.

**15.**

(i)

| **Freagra** |
|---|
| **2 %** |

| Obair |
|---|
| $\frac{196}{9,800} \times \frac{100}{1} = 2\%$ |

(ii)

Praghasinnéacs Tomhaltóirí

**16.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh gnólacht creidiúnacht custaiméara nua a mheas.

- Iarraidh ar an gcustaiméir teistiméireacht a thabhairt duit ó bhanc/ó fhoras airgeadais.
- Iarraidh ar ghníomhaireacht chreidmheasa an custaiméir a fhiosrú.
- Iarraidh ar an gcustaiméir teistiméireacht a thabhairt duit ó ghnólacht eile a rinne trádáil leis an gcustaiméir.
- Féachaint ar Stubb’s Gazette srl. chun fiosrú a dhéanamh.

**17.**

| **1.** | **2.** | **3.** |
|---|---|---|
| C | A | D |

**18.**

| **Saifír Ltd – Leabhar Aischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| 09/05/2016 | Gorm Teo | 10 | $MLC_1$ | 2,100 | 483 | 2,583 |
| | | | | | | |

**19.**

| **Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dár críoch 31-12-2015** | | |
|---|---|---|
| | | € |
| | Brabús Glan | **74,500** |
| | Lúide Díbhinní | **(i)** **12,000** |
| **(ii)** | **Cúlchistí ioncaim/Brabús coinnithe/Iarmhéid Brabús agus Caillteanas** | **(iii)** **62,500** |

**20.**

(i) Príomhúil (ii) Treasach/Seirbhísí (iii) Tánaisteach

**80 marc san iomlán**

# Roinn B

**Ceist 1 Buiséad Teaghlaigh**

**(A) Ráiteas Comparáide Buiséid le haghaidh theaghlach Walters don bhliain 2015**

| IONCAM | **Buiséad Ean – Noll €** | **Iarbhír €** | **Difríocht €** | |
|---|---|---|---|---|
| Tuarastail | 54,000 | 55,620 | + 1,620 | **10 bhfigiúr @ ½ marc an ceann** |
| Sochar leanaí | 4,680 | 4,815 | + 135 | |
| Ús | 240 | 228 | - 12 | |
| Eile | | 600 | + 600 | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 58,920 | 61,263 | + 2,343 | |
| CAITEACHAS | | | | **24 figiúr @ ½ marc an ceann (seachas fo-iomláin)** |
| *Seasta* | | | | |
| Morgáiste | 8,040 | 7,865 | - 175 | |
| Árachas gluaisteáin | 560 | 490 | - 70 | |
| Árachas tí | 695 | 775 | + 80 | |
| Fo-iomlán | 9,295 | 9,130 | - 165 | |
| *Neamhrialta* | | | | |
| Costais teaghlaigh | 8,450 | 9,126 | + 676 | |
| Costais ghluaisteáin | 3,600 | 3,456 | - 144 | |
| Costais éadaí agus bhróg | 1,900 | 1,900 | 0 | |
| Costais solais agus teasa | 2,900 | 2,972 | + 72 | |
| Árachas sláinte | 2,400 | 2,592 | + 192 | |
| Fo-iomlán | 19,250 | 20,046 | + 796 | |
| *Roghnach* | | | | |
| Costais siamsaíochta | 1,380 | 1,180 | - 200 | |
| Féiríní | 950 | 1,070 | + 120 | |
| Laethanta Saoire | 7,800 | 7,488 | - 312 | |
| Fo-iomlán | 10,130 | 9,738 | - 392 | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 38,675 | 38,914 | + 239 | |
| Airgead Glan | 20,245 | 22,349 | + 2,104 | **2 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Airgead Tosaigh | 800 | 800 | | **1 mharc** |
| Airgead Deiridh | 21,045 | 23,149 | | **2 mharc** |

***(22 marc)***

**1. (B)**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (i) | Cén t-airgead deiridh a bhí buiséadaithe i gcomhair dheireadh 2015? | **Freagra**: | **€ 21,045** | **[2]** |
| (ii) | Cé mhéad a bhí buiséadaithe le coigilt ag teaghlach Walters i rith 2015? | **Freagra**: | **€ 20,245** | **[2]** |
| (iii) | Luaigh an méid a chaith teaghlach Walters thar a gcaiteachas iomlán buiséadaithe. | **Freagra**: | **€ 239 nó FI** | **[2]** |
| (iv) | Cén t-airgead deiridh iarbhír a bhí acu ag deireadh 2015? | **Freagra**: | **€ 23,149 FI** | **[2]** |

(v) Mínigh cúis **amháin** a raibh na híocaíochtaí morgáiste a bheith níos lú i mí Lúnasa.

- D'fhéadfadh go ndearna siad íocaíocht chnapshuime as a morgáiste.
- D'fhéadfadh laghdú a bheith tagtha ar rátaí úis.
- D'fhéadfadh gur roghnaigh siad íocaíochtaí úis amháin.
- D'fhéadfadh gur idirbheartaigh siad laghdú in íocaíochtaí mar gheall ar dheacrachtaí íocaíochta morgáiste.
- D'fhéadfadh gur aistrigh siad chuig institiúid airgeadais eile.

**[2]**

**(10 marc)**

**1. (C)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghiota comhairle airgeadais a thabharfá do theaghlach Walters i bhfianaise a bhfuil i mBuiséad 'Iarbhír' 2015.

1. An t-airgead deiridh a infheistiú chun ús a shaothrú.
2. Caiteachas roghnach a laghdú.
3. Déan siopadóireacht chun costais a méadaíodh a laghdú, m.sh. solas agus teas, árachas tí, árachas leighis, costais teaghlaigh.

**[2, 2]**

(ii) Mínigh an téarma 'bónas cheal éilimh'.

Is lascaine é seo ar chostas an árachais agus is luaíocht é ón árachóir don chustaiméir nach ndéanann éilimh ar a bpolasaí ar feadh roinnt blianta.

**[2, 2]**

**(8 marc)**

***40 marc san iomlán***

**Le húsáid le Roinn B – Ceist 4 (B)**

| | | |
|---|---|---|
| **TEIDEAL NA TUARASCÁLA**: | Tuarascáil ar Imscrúdú ar Phainéil Ghréine agus ar Dhlí Tomhaltóirí | **[1]** |
| **Ó**: | Lisa Ní Shé, Comhairligh DMM Teo, Trá Lí | **[1]** |
| **GO**: | Mairéad Páircéir, Ascaill na Darach, Cill Airne, Co. Chiarraí | **[1]** |
| **DÁTA**: | 10 Meitheamh 2016 | **[1]** |
| **RÉAMHRÁ**: | Rinne mé athbhreithniú ar na ceisteanna a chuir tú orm agus leag mé m'fhreagraí amach thíos, mar aon le mo thorthaí. | **[1, 1]** |
| **FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA** (i) agus (ii) | (i) An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 | **[3, 1]** |
| | (ii)<br>• Ní raibh na painéil <u>oiriúnach don fheidhm</u> agus níor fheidhmigh siad an tasc ionchais.<br>• Ní raibh cáilíocht na suiteála de chaighdeán maith.<br>• Ní raibh an sreangú de <u>cháilíocht inmhargaidh.</u> | **[4, 4]** |
| **TORTHAÍ AN FHIOSRAITHE**: | 1. Aimsíodh sreangú lochtach agus creimeadh mar thoradh air. | **[1, 1]** |
| | 2. Mar gheall air sin, cuireadh an córas leictreachais i gcontúirt. | |
| **MOLTAÍ**: | 1. Baint na bpáirteanna lochtacha. | **[1, 1]** |
| | 2. Suiteáil de pháirteanna nua miotail agus de shreangú ceart. | |
| **LE DÉANAMH INA DHIAIDH SEO**: | Tá mé ar fáil le haon cheisteanna a bheadh agat a phlé. | **[1]** |
| **SÍNIÚ**: | Lisa Ní Shé | **[1]** |
| **TEIDEAL SCRÍBHNEOIR NA TUARASCÁLA**: | Innealtóir Comhairleach | **[1]** |
| **Iomlán** | | **[25 marc]** |

## Roinn B

**Ceist 2 Ceist a bhaineann le Cuntas Club**
**(A)** (i)

| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chlub Sacair na gCeilteach don bhliain dar críoch 31/12/2015** | | | | **[2]** |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | **€** | **€** | **€** | |
| Fáltais lató club | 32,600 **[1]** | | | **5 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Lúide caiteachas | 14,250 **[1]** | 18,350 | | |
| Síntiúis | 42,800 **[1]** | | | |
| Lúide síntiúis réamhíoctha | 1,600 | 41,200 **[1]** | | |
| Fáltais gheata | | 26,700 **[1]** | 86,250 | |
| **Lúide Caiteachas** | | | | **10 bhfigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Cothabháil pháirce | | 5,240 **[1]** | | |
| Páipéarachas | 1,790 **[1]** | | | |
| Lúide stoc páipéarachais (31/12/2015) | 170 | 1,620 **[1]** | | |
| Costais ghinearálta | | 15,740 **[1]** | | |
| Árachas | 4,460 **[1]** | | | |
| Lúide árachas réamhíoctha | 580 | 3,880 **[1]** | | |
| Solas agus teas | 2,230 **[1]** | | | |
| Móide solas agus teas dlite | 420 | 2,650 **[1]** | | |
| **Dímheas**: | | | | |
| Clubtheach agus páirc | 9,600 **[1]** | | | |
| Trealamh | 11,250 **[1]** | 20,850 | | |
| | | | 49,980 | |
| Barrachas ioncaim thar caiteachas **[1]** | | | 36,270 **[1]** | **[2 × 1]** |
| **Iomlán an Chuntais Ioncaim agus Chaiteachais** | | | | **[19 marc]** |

**(A)** (ii)

| Clár Comhardaithe Chlub Sacair na gCeilteach mar a bhí ar 31/12/2015 | | | | [2] |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | |
| **Sócmhainní Seasta** | **Costais** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** | |
| Clubtheach agus páirc | 480,000 **[1]** | 9,600 **[1]** | 470,400 **[1]** | **6 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Trealamh | 75,000 **[1]** | 11,250 **[1]** | 63,750 **[1]** | |
| | 555,000 | 20,850 | 534,150 | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Airgead sa bhanc | 5,812 **[1]** | | | **3 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Stoc páipéarachais (31/12/2015) | 170 **[1]** | | | |
| Árachas réamhíoctha | 580 **[1]** | 6,562 | | |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | | |
| Síntiúis réamhíoctha | 1,600 **[1]** | | | **2 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Solas agus teas dlite | 420 **[1]** | 2,020 | | |
| Caipiteal oibre | | | 4,542 | |
| Iomlán glansócmhainní | | | 538,692 | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| Ciste carntha | | 502,422 **[1]** | | **2 fhigiúr @ 1 mharc an ceann** |
| Barrachas ioncaim | | 36,270 **[1]** | | |
| Cistí úsáide | | | 538,692 | |
| **Iomlán an Chláir Chomhardaithe** | | | | **[15]** |

**(34 marc)**

**(B)** (i) Cisteoir **[2]**

(ii) Mínigh **dhá** chuspóir atá ag an tuairisc seo.

- Chun cur in iúl do na baill má tá barrachas nó easnamh/ioncam agus caiteachas ag an gclub.
- Chun sonraí sócmhainní/airgid/bainc an chlub ag deireadh na bliana a thabhairt do na baill.
- Chun sonraí dliteanas/iasachtaí an chlub a thabhairt do na baill.
- Chun cuidiú leis na baill maidir le cinntí/pleanáil/caiteachas caipitil sa todhchaí. **[2, 2]**

**(6 mharc)**

***40 marc san iomlán***

**Ceist 3 Fás Eacnamaíoch, Tosca Táirgeachta agus Feasacht Eacnamaíoch**

**(A)** (i) Is é fás eacnamaíoch an méadú i méid/aschur earraí agus seirbhísí a tháirgtear i ngeilleagar/i dtír ó thréimhse go tréimhse/ó bhliain go bliain.

**1 + [1 + 1]**

(ii) OTN/OTI

**[2]**

(iii) Mínigh **dhá** impleacht eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a bhaineann leis an bhfeabhas seo ar an bhfás eacnamaíoch.

- Tá laghdú sa dífhostaíocht/laghdú in íocaíochtaí coimirce sóisialaí.
- Beidh méadú i gcaighdeáin mhaireachtála.
- Beidh níos mó ioncaim ag an rialtas ó bhailiú chánachais bhreise.
- Beidh an rialtas in ann seirbhísí níos fearr a sholáthar.
- Beidh tuilleadh earraí agus seirbhísí ar fáil le húsáid.
- Beidh laghdú san fhiachas náisiúnta cionn is nach mbeidh ar an rialtas an méid céanna airgid a fháil ar iasacht.
- Beidh laghdú i líon na dteipeanna gnó/méadú i ngnólachtaí nua.
- Beidh níos lú eisimirce nó níos mó inimirce.

**[2 × 3]**

(iv) An tAontas Eorpach **[1]**

(v) Tá 28 mballstát san AE. **[2]**

**(14 marc)**

**(B)** (i) Is é **talamh** aon rud soláthraithe ag an dúlra a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Is é **cíos** an íocaíocht/luaíocht.

Is é **saothar** iarracht an duine a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Is é **pá** pá an íocaíocht/luaíocht.

Is é **caipiteal** aon rud a dhéanann an duine a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Is é **ús** an íocaíocht/luaíocht.

Is é **fiontar** an fachtóir a chomhcheanglaíonn gach fachtóir eile an táirgthe agus a ghlacann an riosca/a bhunaíonn gnólacht. Is é **brabús** an íocaíocht/luaíocht.

**[4 × 1, 2, 1]**
**(16 marc)**

**(C)** (i) (a) Ioncam caipitiúil an rialtais – an chuid de Aer Lingus atá fágtha a dhíol.

(b) Caiteachas reatha an rialtais – an caiteachas ar shochar linbh a mhéadú.

(c) Ioncam reatha an rialtais – rátaí MSU a laghdú.

**[3 × 2]**

(ii) Tá gnéithe i **gcóras measctha eacnamaíoch** d'fhiontar poiblí agus príobháideach a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí, m.sh. Éire.

Is é **geilleagar lárphleanáilte** ceann ina bhfuil áiseanna táirgthe faoi úinéireacht an rialtais, oibrithe ag an rialtas agus bainistithe ag an rialtas, m.sh. Cúba/an Chóiré Thuaidh/an Rúis/an tSín

Is é **geilleagar saoriomaíochta/fiontraíochta** tír nach bhfuil mórán teorainneacha curtha ag an rialtas ann maidir le fiontraíocht/gnó, m.sh. Hong Cong/Singeapór/SAM.

**[3 + 1]**

**(10 marc)**

***40 marc san iomlán***

**Ceist 4 Tomhaltóirí agus Scríobh Tuarascálacha**

**(A)** (i) Is é deontas méid airgid tugtha ag rialtas/eagraíocht ar chuspóir ar leith agus nach gá é a aisíoc.

**[2, 1, 1]**

Is é creidmheas cánach dreasú cánach a cheadaíonn íocóir cánach an méid cánach atá le híoc a laghdú.

**[1, 1]**

(ii) Deontas = €4,000 **[1]** × 30% **[1]** = €1,200 **[2]**

**[4 mharc]**

Creidmheas cánach

Costas €4,000 **[1]**
Deontas <u>€1,200</u> FI = €2,800 **[1]**

Creidmheas Cánach = €2,800 × 13.5% **[2]** = €378 **[1]**

**[5 mharc]**

**(15 mharc)**

**(B)** Féach leathanach 10 de réitigh le haghaidh Tuarascála.

**Ceist 5 Coigiltí agus Iasachtaí**

**(A)** (i) Bainc thráchtála
Comhar Creidmheasa
An Post
Cumann Foirgníochta **[2, 2, 2]**

(ii) Mínigh **trí** thoisc a chuir sí sa mheá nuair a bhí sí ag roghnú institiúid airgeadais lena cuid airgid a infheistiú inti.

- An bhfuil an foras airgeadais iontaofa agus daingean?
- An bhfuil an t-ús saothraithe faoi réir CCÚT?
- Céard é an ráta úis atá ar fáil?
- Cé chomh inrochtana is atá an caipiteal infheistithe le linn an téarma infheistíochta/cé chomh héasca is atá sé a cuid airgid a aistarraingt?
- An mbeidh sí in ann a cuid choigiltí a úsáid chun cuidiú léi iasachtaí a fháil sa todhchaí?
- Áis na n-uaireanta oscailte/an tsuímh. **[3, 3, 3]**

(iii) Is é morgáiste iasacht fhadtéarmach a úsáidtear chun áitreabh príobháideach/teach a cheannach. Tá urrús ag teastáil de ghnáth, amhail gníomhais an tí.

**[2, 1]**
**(18 marc)**

**(B)** (i) Uasmhorgáiste

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 90% **[1]** | × | €220,000 **[1]** | = | €198,000 **[1]** |
| 80% **[1]** | × | €70,000 **[1]** | = | €56,000 **[1]** |
| | | | | €254,000 **[1]** |

**[7 × 1]**

(ii) Éarlais = €290,000 **[1]** - €254,000 **[1]** FI = €36,000 **[1]**

**[3 × 1]**

(iii) Cén fáth ar leagadh síos na rialacha thuas i gcás ceannaitheoirí céaduaire?

- Chun cobhsaíocht eacnamaíoch a choinneáil.
- Chun méadú tapa i bpraghsanna tithe a sheachaint.
- Chun daoine a spreagadh airgead a choigilt le haghaidh éarlaise.
- Chun ró-iasachtaí agus fiachas iomarcach a chosc.

**[3]**

(iv) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ar cheart do Bhríd smaoineamh orthu sula bhfaigheann sí iasacht.

- An ráta úis is gá a íoc/an tionchar ag athruithe san ús ar a cuid airgid.
- Cé chomh fada a mhairfidh na híocaíochtaí.
- An mbeidh sí in ann na híocaíochtaí a dhéanamh/an bhfuil aon cheangaltais airgeadais eile aici?
- Céard é an foras airgeadais a thairgfidh an morgáiste is fearr di?
- An bhfuil sláine phoist aici?
- An roghnóidh sí ráta úis seasta, athraitheach nó rianúcháin?
- An bhfuil sí in ann an éarlais a sholáthar?

**[3, 3, 3]**
**(22 marc)**

***40 marc san iomlán***

**Ceist 6 Daoine ag Obair agus TFC**

**(A)** (i) Pá comhlán €400.00 **[1]**
+ €4,280 **[1]** × 3% **[1]** <u>€128.40</u> **[1]**
<u>€528.40</u> **[1]**

**[5 × 1]**

(ii) Is é **bunphá** an méid airgid saothraithe mar gheall ar sheachtain oibre normalach/ghnách/chaighdeánach/ar conradh a oibriú.

**[3]**

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht atá ar Sheán i leith a fhostóra.

- Ní mór dó meas a bheith aige ar réadmhaoin/cáil a fhostóra/gan bhulaíocht a dhéanamh.
- Ní mór dó treoracha a thugann a fhostóir a leanúint/comhoibriú le hoibrithe eile/treoracha sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.
- Ní mór dó lá oibre macánta a dhéanamh.
- Ní mór dó a bheith poncúil.
- Ní mór dó cúrsaí gnó a choinneáil faoi rún.

**[3, 3, 3]**
**(17 marc)**

**(B)** (i) Is í **obair** iarracht an duine gan íocaíocht, m.sh. obair dheonach, obair an tí, srl.

Is í **fostaíocht** cúinse ina bhfaigheann an duine íocaíocht ar iarracht, m.sh. slí bheatha **[(2 + 1) × 2]**

(ii) Is iad **earraí crua** páirteanna fisiceacha an ríomhaire, m.sh. monatóir, scanóir, printéir, srl.

**[2]**

Is iad **bogearraí** na cláir a sholáthraíonn treoracha don ríomhaire, m.sh. scarbhileog, próiseáil focal, srl.

**[3]**

(iii) Mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag Séan le bheith ag iarraidh a bheith féinfhostaithe.

- D'fhéadfadh sásamh as post níos fearr a bheith aige ag obair ar a shon féin.
- Beidh sé in ann gach cinneadh a dhéanamh/a uaireanta oibre féin a roghnú/beidh sé ina cheannasaí féin.
- Is féidir leis na brabúis go léir a saothraíodh a choinneáil.
- Tá smaoineamh maith gnó aige/tá sainchaitheamh aimsire aige ar mhaith leis gnóthlacht rathúil a dhéanamh de.

**[3, 3]**

(iv) Mínigh **dhá** riosca a bhaineann le bheith féinfhostaithe.

- D'fhéadfadh sé an t-airgead a chuir sé isteach/na sócmhainní príobháideacha a chailleadh/tá dliteanas neamhtheoranta.
- D'fhéadfadh uaireanta fada oibre a bheith i gceist a d'fhéadfadh a bheith strusmhar agus iarmhairtí sláinte agus sóisialta mar thoradh air sin.
- D'fhéadfadh nach bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí go léir aige atá riachtanach chun an gnóthlacht a reáchtáil go rathúil.
- D'fhéadfadh leibhéil ioncaim a athrú/níl aon ráthaíocht aige brabús a dhéanamh.

**[3, 3]**
**(23 marc)**
***40 marc san iomlán***

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 240 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 240 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 180 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 181 - 183 | 17 |
| 184 - 186 | 16 |
| 187 - 190 | 15 |
| 191 - 193 | 14 |
| 194 - 196 | 13 |
| 197 - 200 | 12 |
| 201 - 203 | 11 |
| 204 - 206 | 10 |
| 207 - 210 | 9 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 8 |
| 214 - 216 | 7 |
| 217 - 220 | 6 |
| 221 - 223 | 5 |
| 224 - 226 | 4 |
| 227 - 230 | 3 |
| 231 - 233 | 2 |
| 234 - 236 | 1 |
| 237 - 240 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

## Scéim Mharcála agus Réitigh Molta

**Q.1 Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach**

| **LEABHAR NA NDÍOLACHÁN de chuid ÓR Teo** | | | | | | | **Marcanna** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **SONRAÍ** | **SONRASC** (1) | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** | |
| 01/05 | LÁMH Teo | 6 | MLC | 60,000 | 13,800 | 73,800 | ½ + ½ + ½ |
| 23/05 | LÁMH Teo | 17 | MLC | 16,000 | 3,680 | 19,680 | ½ + ½ + ½ |
| | | | | 76,000 | 17,480 | 93,480 | 3 + 1= **(4)** |

| **LEABHAR NA NDÍOLACHÁN de chuid ÓR Teo** | | | | | | | **Marcanna** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **SONRAÍ** | **SONRASC** (1) | **F** | **GLAN €** | **CBL €** | **IOMLÁN €** | |
| 12/05 | SUIM Teo | 94 | MLF | 48,000 | 11,040 | 59,040 | ½ + ½ + ½ |
| | | | | | | | 1½ + 1 **(2½)** |

| **LEABHAR AIRGID ANAILÍSITHE de chuid ÓR Teo (Taobh an Dochair)** | | | | | | | | **Marcanna** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **Sonraí** | **Admháil** (1) | **F** | **Iomlán Bainc €** | **Díolacháin €** | **CBL €** | **Scairchaipiteal €** | |
| 06/05 | Scairchaipiteal | 1 | MLG | 110,000 | | | 110,000 | ½ + ½ |
| 10/05 | Díolacháin | | MLG | 55,350 | 45,000 | 10,350 | | ½ + ½ + ½ |
| | | | | 165,350 | 45,000 | 10,350 | 110,000 | |
| | Iarmhéid t/s | | | 52,610 | | | | 2½ + 1 |
| | | | | | | | | **(3½)** |

| **LEABHAR AIRGID ANAILÍSITHE de chuid ÓR Teo (Taobh an tSochair)** | | | | | | | | | **Marcanna** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **Sonraí** | **Seic Uimhir** (1) | F | **Iomlán Bainc** € | Ceannacháin € | CBL € | Árachas € | Creidiúnaithe € | |
| 16/05 | LÁMH Teo | 20 | MLC | 54,000 | | | | 54,000 | ½ + ½ |
| 27/05 | Ceannacháin | 21 | MLG | 46,740 | 38,000 | 8,740 | | | ½+½+½ |
| 31/05 | Árachas | 22 | MLG | 12,000 | | | 12,000 | | ½ + ½ |
| | | | | 112,740 | 38,000 | 8,740 | 12,000 | 54,000 | |
| | Iarmhéid t/s | | | 52,610 | | | | | 1 |
| | | | | 165,350 | | | | | 3½ +1 + 1 |
| | | | | | | | | | **(5½)** |

**C.1 ar lean.**

| Dáta | Sonraí | F | Iomlán Bainc | Dáta | Sonraí | F | Iomlán Bainc | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2016** | | | **€** | **2016** | | | **€** | |
| | **LEABHAR CÚNTA GINEARÁLTA** | | | | | | | |
| | | | **Cuntas Scairchaipitil** | | | | | **[1]** |
| | | | | 06/05 | Bainc | LAM | 110,000 | 1 |
| | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas Díolachán** | | | | | **[2]** |
| | | | | 31/05 | Iomlán Glanfhéichiúnaithe | LLD | 48,000 | 1 |
| | | | | 31/05 | Bainc | LAM | 45,000 | 1 |
| | | | | | | | 93,000 | |
| | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas Árachais** | | | | | **[1]** |
| 31/05 | Bainc | LAM | 12,000 | | | | | 1 |
| | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas Ceannachán** | | | | | **[2]** |
| 31/05 | Iomlán Glanchreidiúnaithe | LLC | 76,000 | | | | | 1 |
| 31/05 | Bainc | LAM | 38,000 | | | | | 1 |
| | | | 114,000 | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | | | **Cuntas CBL** | | | | | **[5]** |
| 31/05 | Ceannacháin Airgid | LAM | 8,740 | 31/05 | Díolacháin Airgid | LAM | 10,350 | 1 + 1 |
| 31/05 | Ceannacháin Chreidmheasa | LLC | 17,480 | 31/05 | Díolacháin Chreidmheasa | LLD | 11,040 | 1 + 1 |
| | | | | 31/05 | Iarmhéid t/s | | 4,830 | 1 |
| | | | 26,220 | | | | 35,190 | |
| 01/06 | Iarmhéid t/s | | 4,830 | | | | | |
| | | | | | | | | |
| | **MÓRLEABHAR FÉICHIÚNAITHE** | | | | | | | |
| | | | **Cuntas de chuid SUIM** | | | | | **[1]** |
| 12/05 | Díolacháin | MLF | 59,040 | | | | | 1 |
| | | | | | | | | |
| | **MÓRLEABHAR CREIDIÚNAITHE** | | | | | | | |
| | | | **Cuntas de chuid LÁMH** | | | | | **[4]** |
| 16/05 | Bainc | LAM | 54,000 | 01/05 | Ceannacháin | LLC | 73,800 | 1 + 1 |
| 31/05 | Iarmhéid t/s | | 39,480 | 23/05 | Ceannacháin | LLC | 19,680 | 1 + 1 |
| | | | 93,480 | | | | 93,480 | |
| | | | | 01/06 | Iarmhéid t/s | | 39,480 | **[16]** |

| Comhardú Trialach de chuid ÓR Teo mar a bhí ar 31/05/2016 | | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| | **Dr** | **Sr** | |
| | **€** | **€** | |
| Scairchaipiteal | | 110,000 | ½ |
| Díolacháin | | 93,000 | ½ |
| LÁMH Teo | | 39,480 | ½ |
| Bainc | 52,610 | | ½ |
| SUIM Teo | 59,040 | | ½ |
| Ceannacháin | 114,000 | | ½ |
| CBL | 4,830 | | ½ |
| Árachas | 12,000 | | ½ |
| | 242,480 | 242,480 | **(4)** |

**Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| **Leabhar na gCeannachán** | **4** |
| **Leabhar na nDíolachán** | **2½** |
| **LAM** | **9** |
| **Mórleabhar** | **16** |
| **Comhardú Trialach** | **4** |
| **Dátaí** | **2½** |
| **Fóilió** | **2** |
| **Iomlán** | **40** |

**C.2 Ceist í seo a bhaineann le Díolacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád.**

**Q.2 (A)** (i)

| | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **1** | Seiceáil go bhfuil ainm agus seoladh an chustaiméara ceart. | 2 |
| **2** | Comhdaigh cóip na luachana. | 2 |

**C.2 (A)** (ii)

| | | | | **Marc.** |
|---|---|---|---|---|
| **COISBHEART Teo, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo** | | **SONRASC UIMH. 37** | | |
| Teileafón: 094 264691 | | Cláruimhir CBL. IE 8799654 | | |
| Chuig: *An tUas Muiris Ó Caoimh,Bainisteoir Ceannacháin* | | Dáta: 30/4/2016<br>Uimh. d'ordaithe: **56** | | 1 + 1 |
| *COSACRUÓGACHA Teo* | | | | |
| *Sráid Dhún na nGall* | | | | |
| *Sligeach* | | | | |
| 1 | 1 | 1 | 1 | (4) |
| **MÉID** | **CUR SÍOS** | **PRAGHAS AN CEANN €** | **IOMLÁN €** | |
| 60 | Bróga reatha gorma | 70 | 4,200 | |
| 50 | Bróga siúil fóillíochta | 120 | 6,000 | |
| 40 | Bróga trá croca | 20 | 800 | |
| | | Iomlán (Gan CBL a áireamh) | 11,000 | 1 |
| | | Lascaine Thrádála | 3,300 | 1 |
| | | Fo-iomlán | 7,700 | |
| | | CBL | 1,771 | 1 |
| E & EE | | Iomlán (CBL san áireamh) | 9,471 | 1 |
| ***Bónas** 1 as 3 mhír amháin a bheith sa sonrasc* | | | | **11** (10 + 1) |

**C.2 (B)** (i)

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| **Comhairle** | Na hearraí a sheiceáil ar a bhfáil ón soláthraí. | 4 |
| | Na hearraí a phacáil go cuí sula gcuirtear amach iad. | 2 |

**C.2 (B)** (ii)

| Méid na hAisíocaíochta | **Obair**: Costas **lúide** Lascaine Thrádála **móide** CBL | Marcanna |
|---|---|---|
| €688.80 | €800 - €240 (30% de €800) = €560 + €128.8 (23% de 560) = €688.80 | 12 |

**C.2 (B)** (iii)

**Leabhar na nAischur Isteach de chuid COISBHEART Teo**

| Dáta 2016 | Sonraí | Nóta Creidmheasa Uimh. | F | Glan € | CBL € | Iomlán € | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 07/05 | COSACRUÓGACHA Teo | 12 | MLF | 560 | 128.8 | 688.80 | |
| 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | [7] |

**C.2 Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| **A** | **15** |
| **B** | **25** |
| **Iomlán** | **40** |

**C.3 Baineann an Cheist seo le Costas Seachadta agus le Bunú Brainsí Réigiúnacha**.

**(A) Costas Iompair le haghaidh lá amháin**

| Roinn | | Freagra | Marcanna |
|---|---|---|---|
| (i) | **An costas iomlán ar Shaothar (**liúntais bhéilí san áireamh)* le haghaidh lá amháin | **€302.88** | 10 |
| (ii) | **An costas iomlán ar Dhíosal** le haghaidh lá amháin | **€28.28** | 6 |
| (iii) | **An costas iomlán ar** árachas **mótair**/ar cháin **mhótair** agus ar dheisiúcháin mhótair le haghaidh lá amháin | **€29.00** | 6 |
| (iv) | **An costas foriomlán ar iompar** táille dhola san áireamh | **€402.16** | 6 |
| **Iomlán na Marcanna** | | | 28 |

* Is féidir liúntais bhéilí €36 a chur san áireamh sa cheannteideal Costas Iomlán

**(B)** (i) **Dhá** bhuntáiste le stórtha réigiúnacha a bhunú

| | **Buntáistí** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1 | Beidh stórtha réigiúnacha níos cóngaraí do chustaiméirí. | 3 |
| 2 | Costas níos lú le seachadtaí do chustaiméirí. | 3 |

(ii) **Dhá** mhíbhuntáiste le stórtha réigiúnacha a bhunú

| | **Míbhuntáistí** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1 | Beidh tuilleadh slándála ag teastáil. | 3 |
| 2 | Beidh méadú san árachas mar gheall ar cheithre fhoirgneamh a bheith ann. | 3 |

**Achoimre na Marcanna**

| | |
|---|---|
| **A** | **28** |
| **B** | **12** |
| **Iomlán** | **40** |

**C.4 Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe.**
**(A)**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1½** | | **1** | | **1½** | |
| **Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Caillteanais de chuid LEICT teo don bhliain dar críoch 31/12/2015** | | | | | **Marcanna** |
| | | **€** | **€** | **€** | |
| | Díolacháin | | | 318,000 | ½ |
| | **Lúide Costas Díolachán** | | | | |
| 01/01/2015 | Stoc Tosaigh | | 10,200 | | ½ |
| | Ceannacháin | | 165,000 | | ½ |
| | Dleacht Iompórtála | | 11,000 | | ½ |
| | | | 186,200 | | **0** |
| 31/12/2015 | Lúide Stoc Deiridh | | 11,500 | 174,700 | ½ + **0** |
| | **BRABÚS COMHLÁN** | | | **143,300** | 2 (**1** + 1) |
| | Cuir Gnóthachain leis | | | | |
| | Cíos Infhála | | 17,000 | | ½ |
| | Lúide Cíos infhála réamhíoctha | | 2,100 | 14,900 | 1 (½ + ½) |
| | | | | 158,200 | **0** |
| | **Lúide Costais** | | | | |
| | Carraeireacht Amach | | 7,600 | | ½ |
| | Solas agus Teas | 14,000 | | | ½ |
| | Cuir Solas agus Teas dlite leis | 2,500 | 16,500 | | 1 (½ + ½) |
| | Pá | 60,000 | | | ½ |
| | Cuir Pá dlite leis | 3,000 | 63,000 | | 1 (½ + ½) |
| | Dímheas: Veaineanna Mótair | 21,600 | | | ½ |
| | Trealamh | 22,000 | 43,600 | 130,700 | 1 (½+½+**0**) |
| | **GLANBHRABÚS** | | | **27,500** | 3 (**1** + 2) |
| | Lúide Díbhinní íoctha | | | 8,100 | ½ |
| | | | | 19,400 | **0** |
| | Cuir Cúlchistí Tosaigh leis | | | 16,000 | 1 |
| | **Cúlchistí** | | | **35,400** | **0** |
| | | | | | **[19½]** |

| ½ | 1 | ½ | | |
|---|---|---|---|---|
| **Clár Comhardaithe de chuid LEICT Teo mar a bhí ar 31/12/2015** | | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | **Costas €** | **Dímheas €** | **Glanluach Leabhar €** | **Marcanna** |
| Veaineanna Mótair | 180,000 | 21,600 | 158,400 | ½ + ½ + ½ |
| Trealamh | 220,000 | 22,000 | 198,000 | ½ + ½ + ½ |
| Iomlán na Sócmhainní Seasta | 400,000 | 43,600 | 356,400 | ½ + ½ + ½ |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc Deiridh | 11,500 | | | ½ |
| Féichiúnaithe | 34,000 | | | ½ |
| Airgead | 6,000 | 51,500 | | ½ + **0** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | | |
| Creidiúnaithe | 30,500 | | | ½ |
| Rótharraingt Bainc | 12,400 | | | ½ |
| Cíos infhála réamhíoctha | 2,100 | | | ½ |
| Pá dlite | 3,000 | | | ½ |
| Solas agus Teas dlite | 2,500 | 50,500 | | ½ |
| Caipiteal Oibre | | | 1,000 | **0** |
| **Iomlán na nGlansócmhainní** | | | **357,400** | ½ |
| **Maoinithe ag** | **Údaraithe** | **Eisithe** | | |
| 400,000 gnáthscair €1 | 400,000 | 270,000 | | 1 + 1 |
| Cuir Cúlchistí leis | | 35,400 | | ½ |
| Dliteanais Fhadtéarmacha | | | | |
| Iasacht 25 bliana | | 52,000 | | ½ |
| **Caipiteal Úsáide** | | | **357,400** | ½ |
| | | | | **[14½]** |

**(B)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| $\frac{\text{Díbhinní Íoctha}}{\text{Scairchaipiteal Eisithe}} \times \frac{100}{1}$ | $\frac{€8,100}{€270,000} \times \frac{100}{1}$ | **3%** | **Marc 5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **Achoimre na Marcanna** | | |
| **(A)** | Chuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Caillteanais | 19½ | |
| | Clár Comhardaithe | 14½ | |
| | Láithriú | 1 | **35** |
| **(B)** | | | 5 |
| **Iomlán** | | | **40** |

**C.5 Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Airgid Anailísithe agus le Monatóireacht ar Fhorchostais.**

**(A)**

| Leabhar Airgid Anailísithe de chuid LÓNADÓIREACHT UÍ ÓGÁIN Teo (Taobh an Dochair) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **Sonraí** | **Admháil Uimh.** | **F** | **Iomlán Bainc €** | **Marcanna** |
| 01/05 | Iarmhéid t/s | 1 | | 3,000 | 1 |
| 12/05 | Spang Teo | | MLF | 3,900 | ½ |
| 22/05 | Ó Ceallaigh Teo | 2 | MLF | 3,700 | ½ |
| | | | | 10,600 | |
| 31/05 | Iarmhéid t/s | | | 3,400 | 2 |
| | | (1) | | 14,000 | **[5]** |

| Leabhar Airgid Anailísithe de chuid LÓNADÓIREACHT UÍ ÓGÁIN Teo (Taobh an tSochair) | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta 2016** | **Sonraí** | **Modh Íocaíochta** | **F** | **Iomlán Bainc €** | **Veain €** | **Pá €** | **Comhábhair €** | **Bailiú Dramhaíola €** | **Marcanna** |
| 02/05 | Comhábhair | Visa Sr | **MLG** | 3,400 | | | 3,400 | | ½ + ½ |
| 03/05 | Pá | Pá-chonair | **MLG** | 1,700 | | 1,700 | | | ½ + ½ |
| 07/05 | Díosal | Visa Sr | **MLG** | 600 | 600 | | | | ½ + ½ |
| 10/05 | Bailiú dramhaíola | Visa Sr | **MLG** | 450 | | | | 450 | ½ + ½ |
| 12/05 | Árachas Veain | Visa Sr | **MLG** | 1,100 | 1,100 | | | | ½ + ½ |
| 14/05 | Díosal | Visa Sr | **MLG** | 500 | 500 | | | | ½ + ½ |
| 17/05 | Pá | Pá-chonair | **MLG** | 1,300 | | 1,300 | | | ½ + ½ |
| 20/05 | Comhábhair | Visa Sr | **MLG** | 2,800 | | | 2,800 | | ½ + ½ |
| 25/05 | Bailiú Dramhaíola | Visa Sr | **MLG** | 700 | | | | 700 | ½ + ½ |
| 31/05 | Pá | Pá-chonair | **MLG** | 1,450 | | 1,450 | | | ½ + ½ |
| | | | | 14,000 | 2,200 | 4,450 | 6,200 | 1,150 | |
| 01/06 | Iarmhéid t/s | | | 3,400 | | | | | **[11]** |

**LAM 18** (16 + Dáta 1 + Fóilió 1)

**C.5 ar lean.**

**Le húsáid le C.5 (B)** (i)

**Forchostais Ghnó do mhí na Bealtaine 2016**

| Forchostais | Buiséadaithe € | Iarbhír € | Difríocht € | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| **Veain** | **2,300** | *2,200* | (100) | 1 |
| **Pá** | **5,000** | *4,450* | (550) | 1 |
| **Comhábhair** | **5,500** | *6,200* | 700 | 1 |
| **Bailiú Dramhaíola** | **700** | *1,150* | 450 | 1 |
| | | | | **[4]** |

**Le húsáid le C.5 (B)** (ii)

| Forchostais Iarbhír **Níos Mó ná an méid Buiséadaithe** | **Cúiseanna Féideartha** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **Comhábhair** | Díolacháin mhéadaithe. | 1 + 2 |
| **Bailiú Dramhaíola** | Méadú i bpraghas an bhailithe dhramhaíola. | 1 + 2 |
| | | **[6]** |

**Le húsáid le C.5 (B)** (iii)

| Forchostais Iarbhír **Níos Lú ná an méid Buiséadaithe** | **Cúiseanna Féideartha** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **Veain** | Figiúr mícheart sa bhuiséad. | 1 + 2 |
| **Pá** | Laghdú i ragobair. | 1 + 2 |
| | | **[6]** |

**Le húsáid le C.5 (C)**

| | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **Cúis 1** | Chun comparáid a dhéanamh idir forchostais iarbhír agus buiséadaithe. | 2 |
| **Cúis 2** | Chun a chinntiú go maireann gnóthas laistigh dá chuid acmhainní. | 2 |
| **Cúis 3** | Chun na príomh-fhorchostais a aithint ionas gur féidir athruithe a dhéanamh más gá. | 2 |

| **Achoimre** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(A)** | **18** |
| **(B)** | **16** |
| **(C)** | **6** |
| **Iomlán** | **40** |

**C.6 Ceist í seo a bhaineann le Cineál Úinéireacht Ghnó, Drochfhiach agus Cur Chun Cinn Díolachán.**

**(A)**

| | **Dhá shlí leis na tithe a chur chun cinn i measc tionóntaí féideartha** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| 1 | Suíomh gréasáin a chruthú ina bhfuil sonraí na dtithe. | 4 |
| 2 | Fógraí rangaithe i nuachtáin áitiúla a úsáid. | 4 |

**(B)**


| Ceard é comharchumann? | **Marcanna** |
|---|---|
| Is gnóthas é comharchumann faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú na mball ar mhaithe leis na baill. Tá vóta amháin ag gach ball, is cuma an méid a infheistíonn siad sa chomharchumann. | 4 |
| **Dhá** shampla: Comhar Creidmheasa agus Comharchumann Feirmeoirí | 2 + 2 |

**(C)**

| **Ceannteidil Chomparáide** | **Trádálaí Aonair** | **Cuideachta Phríobháideach Theoranta** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
| Úinéireacht | 1 | 1 go 149 | 2 + 2 |
| Dliteanas | Tá dliteanas neamhtheoranta ag an úinéir | Tá dliteanas teoranta ag na scairshealbhóirí | 2 + 2 |
| Brabúis | Is féidir leis an úinéir an brabús go léir a thógáil | Tá na brabúis comhroinnte idir na scairshealbhóirí | 2 + 2 |

**(D)**

**Barrachairt a Léiríonn Cineálacha Úinéireacht Ghnó i mBaile i Lár na Tíre ar 1 Bealtaine 2016 (2)**




| **Achoimre** | **Marcanna** |
|---|---|
| **(A)** | **8** |
| **(B)** | **8** |
| **(C)** | **12** |
| **(D)** | **12** |
| **Iomlán** | **40** |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 160 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 160 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 120 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 121 - 123 | 11 |
| 124 - 126 | 10 |
| 127 - 130 | 9 |
| 131 - 133 | 8 |
| 134 - 136 | 7 |
| 137 - 140 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 141 - 143 | 5 |
| 144 - 146 | 4 |
| 147 - 150 | 3 |
| 151 - 153 | 2 |
| 154 - 156 | 1 |
| 157 - 160 | 0 |